Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht, 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH

## Ardleibhéal

## NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ AGUS DO SCOLÁIRÍ FAOI ÚSÁID NA SCÉIMEANNA MARCÁLA FOILSITHE

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

### Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá Ginearálta

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.

Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN A    CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA** *Marcanna*

**Ceist 1.** **Freagair a) agus b).**

1 1a) **Scrúdaigh an tionchar a bhí ag dhá cheann ar bith de smaointe Shócraitéas ar fhorbairt na fealsúnachta.** 40 (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuardach brí i smaointeoireacht fhealsúnach trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag dhá smaoineamh de chuid Shócraitéas ar fhorbairt na fealsúnachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ba ea chur chuige an 'cheistitheora aineolaigh' de chuid Shócraitéas i leith fírinní uilíocha mórfhorbairt ar shiúl ón gcur chuige coibhneasaíoch suibiachtúil a bhí á úsáid ag Sofaistí etc.
- An Modh Socráiteach as ar forbraíodh an sceipteachas mar mhodh fealsúnach etc.
- Lorg Sócraitéas prionsabail uilíocha atá fíor do gach pobal ag gach am agus i ngach cás e.g. smaoineamh na maithe morálta. Bhí tionchar aige sin ar Arastatail, mac léinn Phlatón, a d'fhorbair fealsúnacht eitice etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Caitheann iarrthóir súil ghéar ar dhá smaoineamh de chuid Shócraitéas ach ní dhéanann sé/sí tagairt d'fhorbairt na fealsúnachta — Téigh i gcomhairle do do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

1 1b) ***Sa tsochaí atá ann sa lá atá inniu ann féadtar spéis sa spioradáltacht a fheiceáil ar bhealaí éagsúla.*** 40 (20Mx2) *Grádaithe*
**Déan measúnú ar an bhfianaise atá leis an ráiteas seo agus déan tagairt do dhá bhealach inar féidir spéis sa spioradáltacht a fheiceáil i saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar spéis sa spioradáltacht i sochaí an lae inniu trí shúil ghéar a chaitheamh ar dhá bhealach inar féidir spéis i nithe diaga/spioradálta/tarchéimnitheacha a fheiceáil i saol na ndaoine sa lá atá inniu ann agus trí chonclúidí cruinne a bhaint as an dá bhealach sin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Tugann líon mór daoine faoi thuras spioradálta/oilithreacht e.g. Camino, Cruach Phádraig ar Dhomhnach na Cruaiche, etc.
- Spéis i spioradáltacht reiligiúin an oirthir e.g. an Búdachas – chuaigh daoine chun éisteacht leis an Dalaí Láma in ionaid i mBaile Átha Cliath, Cill Dara agus Luimneach in 2011 etc.
- Spéis i léamh faoin spioradáltacht e.g. léiríonn an tóir atá ar leabhair amhail Anam Cara etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**Ceist 2.** **Freagair a) agus b).**

**1 2a)** **Ainmnigh fealsamh amháin a raibh baint aige/aici leis an daonnachas agus tabhair breac-chuntas ar an méid a chuir sé/sí le forbairt an daonnachais.** 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach trí fhealsamh a bhaineann leis an daonnachas a ainmniú agus trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar an méid a chuir sé/sí le forbairt an daonnachais.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Erasmus — mhol sé seasamh sceipteachais i.e. gach rud a cheistiú agus breithiúnas a dhéanamh ina dhiaidh sin; ghlac René Descartes leis an gcur chuige sin ina dhiaidh sin agus d'fhorbair sé é etc.
- Karl Marx — mhol sé gurb iad úinéireacht chomhchoiteann agus freagracht chomhroinnte an dóigh chun domhan a chosnódh dínit gach duine a chruthú etc.
- Albert Camus — chuir sé béim gur gné riachtanach de bheith ina dhuine is ea an troid in aghaidh an éadóchais; d'aimseodh gach duine brí dá mbeadh meas ar dhínit gach duine, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**1 2b)** **• AGNÓISEACHAS • RÉADUCHTACHAS** 40 (20Mx2) *Grádaithe*
**Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh gach ceann de na tuairimí atá liostaithe thuas tionchar a imirt ar dhuine agus é/í ag cuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chruinneshamhail neamhreiligiúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcur chuige a nglacann agnóiseachas agus réaduchtachas leis i leith ceisteanna comhaimseartha faoi bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Agnóiseachas – ní féidir le duine a bheith ar an eolas go bhfuil Dia ann – úsáidtear réasún agus an eolaíocht nuair atáthar ag cuardach bhrí na beatha; tugtar neamhaird ar chur chuige neamhréasúnach i leith an chuardaigh le haghaidh brí, etc.
- Réaduchtachas – bristear rudaí síos ina gcomhdhamhnaí is lú chun a fháil amach cad atá fíor; úsáidtear eolas modheolaíoch eolaíoch chun ceisteanna a fhreagairt faoi bhrí na beatha; féachtar ar reiligiún mar rud neamhábhartha agus, dá bhrí sin, mar fhoinse neamhiontaofa fírinne etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar an gcur chuige a nglacann ceann amháin de na tuairimí atá liostaithe sa cheist leis i leith ceisteanna comhaimseartha faoi bhrí na beatha — Téigh i gcomhairle do do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**AONAD A DÓ**

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA** *Marcanna*

**Freagair a) agus b) *nó* c).**

**2 Ba)** ● **AN CHORAINT** ● **FILIPE** ● **TEASALOINICÉ** 40 *Grádaithe*

**Rianaigh conas a thaispeánann scríbhinní Naomh Pól an bealach inar thug ceann amháin de na pobail Luath-Chríostaí atá liostaithe thuas faoi dhúshlán a bhí rompu agus iad ag cur theagasc Íosa i gcrích.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar shaintréithe na chéad phobal réamh-Chríostaí tríd an dóigh a dtaispeánann scríbhinní Naomh Pól an bealach inar thug an pobal Críostaí sa Choraint nó i bhFilipe nó i dTeasaloinicé faoin dúshlán a bhí rompu agus iad ag cur theagasc Íosa i gcrích a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Choraint: dúshlán — easaontas idir lucht an airgid agus na boicht; scríbhinní Naomh Pól – tá fáilte roimh na boicht i Ríocht Dé, etc.
- Filipe: dúshlán — cé acu ba chóir nó nár chóir teagasc Giúdach a leanúint ar cheisteanna amhail timpeallghearradh; scríbhinní Naomh Pól — níl gá le timpeallghearradh mar go raibh an pobal aontaithe ag an gcreideamh a bhí acu in Íosa Críost, etc.
- Teasaloinicé: dúshlán — an dóigh a ndeachaigh an tAiséirí i bhfeidhm ar shaol Críostaí laethúil; scríbhinní Naomh Pól — ní raibh na daoine siúd a fuair bás eisiata ó aiséirí; spreag sé gach duine cur go dearfach leis an bpobal agus a bheith ullmhaithe ag an am céanna don Ateacht, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

**2 Bb)** **Déan cur síos ar dhá dheasghnáth den adhradh Críostaí agus tabhair breac-chuntas ar an mbealach ina gcuimhnítear ar Íosa i ngach deasghnáth.** 40 (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar cé chomh tábhachtach atá saol, bás agus aiséirí Íosa do Chríostaithe trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá chineál focal siombalach agus/nó gníomhartha siombalacha laistigh den traidisiún Críostaí agus trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar an mbealach ina gcuimhnítear ar Íosa i ngach deasghnáth.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Deasghnáth Baiste san Eaglais Chaitliceach Rómhánach — beannaítear le hola agus le huisce; mar shiombail ar shaol nua i gCríost; cuireann sé baisteadh Íosa san Iordáin i gcuimhne do chreidmhigh, etc.
- Liotúirge na hEocairiste – meabhraíonn Scrioptúr Críostaí focail, gníomhartha agus íobairt Íosa etc.
- Deasghnáth sochraide agus Aifreann Éagnairce — cuireann urnaithe pobail agus beannú na cónra an gealltanas go n-athbheofaí Íosa i gcuimhne do chreidmhigh etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:*

Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar chineál focal siombalach agus/nó gníomhartha siombalacha atá ar bun laistigh den traidisiún Críostaí ach ní thugann sé/sí faisnéis chruinn ar an mbealach ina gcuimhnítear ar Íosa sa deasghnáth – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.
Tugann iarrthóir faisnéis chruinn ar an mbealach ina gcuimhnítear ar Íosa i ndeasghnáth Críostaí ach ní thugann sé/sí faisnéis chruinn ar an gcineál focal siombalach agus/nó gníomhartha siombalacha a úsáidtear sa deasghnáth – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

***nó***

2 Bc)i **Tabhair próifíl de shampla amháin den obair a rinne na hEaglaisí Críostaí chun an aontacht a chur chun cinn eatarthu.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhorbairtí reatha sa ghluaiseacht éacúiméineach trí shampla amháin den obair ar son an éacúiméineachais atá déanta ag Eaglaisí Críostaí a rianú.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Comhairle Éireannach na nEaglaisí — ag freagairt d'fhoréigean nó d'éadulaingt nó do sheicteachas; rianaithe siar go misean Íosa chun síocháin a chur chun cinn mar mhalairt ar fhoréigean, etc.
- Bíonn páirt á glacadh ag Eaglaisí Críostaí i gcomhsheirbhísí urnaí le linn sheachtain na hAontachta Críostaí; rianaithe siar go forbairtí amhail Foraithne Éacúiméineachais an Dara Comhairle Vatacánach, etc.
- Tugadh cuireadh do shainchreidimh Chríostaí éagsúla páirt a ghlacadh in obair an Dara Comhairle Vatacánach; obair Choimisiún Idirnáisiúnta na Comaoine Anglacánaí – na hEaglaise Caitlicí (ARCIC) etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

2 Bc)ii. **Déan cur síos ar dheacracht amháin atá fós ann do na hEaglaisí Críostaí agus ag iarraidh aontacht a bhaint amach sa lá atá inniu ann.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhorbairtí reatha sa ghluaiseacht éacúiméineach trí chuntas cruinn a thabhairt ar dheacracht amháin atá ann nuair atáthar ag iarraidh aontacht Chríostaí a bhaint amach sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ní ball iomlán de Chomhairle Dhomhanda na nEaglaisí í an Eaglais Chaitliceach Rómhánach etc.
- Ní féidir le Críostaithe ó shainchreidimh áirithe comaoineach a fháil le chéile mar gheall ar shainchreidimh éagsúla maidir leis an Eocairist; is ábhair imní shuntasacha i ndíospóireachtaí idir ceannairí Críostaí iad na difríochtaí ar shaincheisteanna ar nós colscaradh agus chléir na mban, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar dheacracht amháin atá ann d'Eaglaisí Críostaí sa lá atá inniu ann ach ní dhéanann sé/sí tagairt don chuardach le haghaidh aontacht Chríostaí – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA** *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**2 Ca)** **Roghnaigh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as Liosta A agus ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as Liosta B thíos:** 40 *Grádaithe*

| *Liosta A* | *Liosta B* |
|---|---|
| ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT (SAINCHREIDEAMH AR BITH) | ◆ AN BÚDACHAS |
| | ◆ AN HIONDÚCHAS |
| ◆ AN GIÚDACHAS | ◆ AN tIOSLAMACHAS |

**Scrúdaigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí sa bhealach ina dtuigtear an tarchéimnitheach/Dia sna reiligiúin dhomhanda a roghnaigh tú as Liosta A agus Liosta B thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na príomhghnéithe de dhá mhórthraidisiún reiligiúnacha trí shúil ghéar a chaitheamh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí sa bhealach ina dtuigtear an tarchéimnitheach/Dia i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as liosta A agus i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as liosta B sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht — tuigtear gur cuid de shaol an duine é an tarchéimnitheach/Dia ach go dtarchéimníonn sé a theorainneacha ar bhealach intomhaiste ag an am céanna. Creideann Búdaithe gur tarchéimnitheach é teagasc Darma (teagasc an Bhúda), 'fírinne shíoraí', etc.
- An Giúdachas — creidtear nach bhfuil ach Dia amháin; tuigeann an Hiondúchas gurb é Bráman an Dia/an fórsa is airde atá mar chuid de gach gné den saol agus den domhan; léiríonn déithe eile an Hiondúchais gnéithe éagsúla de Bhráman e.g. Bráma (an dia is cruthaitheoir), Visniú (an dia is caomhnóir) agus Síve (an dia is scriostóir), etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 Cb)** **Mínigh conas a bhféadfadh ceangal idir an naofacht agus an tsaoltacht a bheith le fáil in dhá cheann de na tréithe seo a leanas de reiligiún príomhúil:** 40 (20Mx2) *Grádaithe*

● MANA ● SEAMAN/SHAMAN ● GEIS ● TÓTAM

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint gur rud ársa, éagsúil agus dinimiciúil é creideamh reiligiúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh ceangal idir na tréithe naofa/diaga den saol agus na tréithe gnácha den saol a bheith le fáil in dhá cheann de na tréithe de reiligiún príomhúil atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Mana — gníomh an tsaoil eile (an naofacht) agus saol an duine (an tsaoltacht) i.e. tá cumhacht Mana ag daoine áirithe, ag áiteanna áirithe nó ag rudaí áirithe agus tagann an chumhacht sin ó ghaol le déithe, etc.

- Seaman — fear nó bean a fhaigheann tabhartais óna s(h)insir ó oidhreacht le go mbeadh sé/sí ina (h)idirghabhálaí beo idir an tsaoltacht agus an naofacht; idir an cine daonna agus na spioraid a chónaíonn sa chosmas, etc.
- Geis — caomhnaíonn sí cumhacht agus naofacht Mana trí rudaí áirithe agus trí ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar leataobh mar bhealaí don naofacht, etc.
- Tótam — rud sa nádúr atá mar shiombail ar eisint spioradálta duine aonair/grúpa; a cheanglaíonn iad lena sinsir spioradálta etc.

Códaigh MC x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5     4 > 2     1 > 0 | 20Mx2 |

**ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH** *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**2 Da) Ainmnigh teoiricí morálta amháin a ndearna tú staidéar air/uirthi agus tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist sna céimeanna den fhorbairt mhorálta a chuireann sé/sí chun cinn ina t(h)eoiric.** 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála:*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theoiric mhorálta agus tuiscint ar fhorbairt mhorálta trí theoiricí morálta a shainaithint go cruinn agus trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar na céimeanna den fhorbairt mhorálta a chuireann sé/sí chun cinn ina c(h)uid saothair.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Piaget: Leanaí idir 4 bliana d'aois agus 8 mbliana d'aois — de ghnáth, tuigtear moráltacht mar rialacha a fhorchuireann daoine eile; de réir mar a éiríonn siad níos eolaí ar dhaoine eile, agus iad 10 mbliana d'aois, áirítear le breithiúnais mhorálta tuiscint ar intinní daoine eile etc.
- Kohlberg: Céim Réamh-Choinbhinsiúnach – cinntear moráltacht ar dtús trí phionós a sheachaint; spreagtha ag luaíochtaí; Céim Choinbhinsiúnach – cinntear moráltacht toisc go bhfuiltear ag iarraidh dífhaomhadh a sheachaint; ag iarraidh cáin a sheachaint ó údarás; Céim Iar-Choinbhinsiúnach – tuigtear cóid mhorálta sheanbhunaithe agus leantar iad; bíonn breithiúnais spreagtha ag luachanna morálta pearsanta, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann iarrthóir faisnéis ar chéimeanna den fhorbairt mhorálta ach ní dhéanann sé/sí ainm an teoiricí mhorálta lena mbaineann an saothar sin a shainaithint go cruinn — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 Db)** • **EITIC DHUALEOLAÍOCHTA** • **AN HÉADÓNACHAS** • **AN DLÍ NÁDÚRTHA** • **EITIC THEILEOLAÍOC** • **AN FÓNTACHAS** 40 *Grádaithe*

**Cuir i bhfeidhm an cur chuige atá molta i gceann amháin de na teoiricí/fealsúnachtaí atá liostaithe thuas agus cinneadh á dhéanamh faoi conas gníomhú mar is ceart maidir le ceist mhorálta a ndearna tú staidéar uirthi.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theoiric mhorálta agus ar a cuid feidhmeanna trína thaispeáint conas a d'fhéadfadh ceann amháin de na teoiricí/fealsúnachtaí atá liostaithe sa cheist duine a threorú agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart agus cad atá mícheart maidir le ceist mhorálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Eitic Dhualeolaíochta – dualgas chun ord morálta oibiachtúil a leanúint; chomh luath is a bhunaítear an dlí morálta, ní mór an dlí sin a leanúint e.g. d'fhéadfadh prionsabal Chumann na gCarad, maidir le gan dochar a dhéanamh do dhaoine eile, cinnteoireacht i leith seirbhís mhíleata a threorú, etc.

- An Héadónachas – d’fhéadfaí cinnteoireacht mhorálta a bheith treoraithe ag an gcreideamh gurb í an mhaith a thugann pléisiúr e.g. an bhféadfadh duine a bheith níos sásta dá mbeadh sé/sí colscartha nó dá bhfanfadh sé/sí pósta, etc.
- An Dlí Nádúrtha – Agus réasún á úsáid aici, is féidir leis an intinn dlí morálta atá ann laistigh de nádúr a aithint; e.g. a bheith á treorú trí mhachnamh a dhéanamh ar nádúr an duine agus cinneadh a dhéanamh faoi cad atá ceart i gcás pionós corpartha, etc.
- Eitic Theileolaíoch – is ionann an rud atá ceart agus an rud a chabhraíonn leis an duine bogadh i dtreo na sprice deiridh atá aige/aici; e.g. d’fhéadfadh sí duine a threorú agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart i gcás taighde leighis, etc.
- An Fóntachas – is í an mhaith mhorálta an rud a thugann an tsástacht is mó don líon is airde daoine; threoraigh an prionsabal seo daoine agus cinneadh á dhéanamh acu faoi cad a bhí ceart i gcás fostú leanaí go déanach sna 1800í, etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann iarrthóir cuntas ar cad atá i gceist nuair atá cinneadh á dhéanamh ar cad atá ceart agus cad atá mícheart i gcás ceist mhorálta ach teipeann air/uirthi a shainaithint conas a d’fhéadfadh ceann amháin de na teoiricí/fealsúnachtaí morálta atá liostaithe sa cheist treoir a thabhairt — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**AONAD A TRÍ**

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE RANNÁN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA** *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**3 Fa)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** — 40 *Grádaithe*

**Scrúdaigh conas a spreagtar meas ar an timpeallacht i dteagasc reiligiúin dhomhanda amháin atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an bhfáth a mbíonn fonn ar chreidmhigh reiligiúnacha gníomhú ar cheisteanna timpeallachta trí shúil géar a chaitheamh ar conas a spreagtar meas ar an timpeallacht i dteagasc reiligiúnach reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Búdachas e.g. chéad fhoraithne an Bhúdachais – ní dhéantar dochar d'aon chréatúr beo etc.
- An Chríostaíocht e.g. an bhéim a chuirtear i Leabhar Gheineasas ar choincheap na maoirseachta etc.
- An Hiondúchas – an tábhacht a bhaineann leis an ord ceart; cúram a thabhairt don timpeallacht mar chuid de Darma etc.
- An tIoslamachas – coincheap Khalifah; caithfidh daoine gníomhú go cúramach agus go measúil agus an timpeallacht á bainistiú etc.
- An Giúdachas — Sabóid agus Schmittah; tábhacht reiligiúnach a bhaineann leis an scíth etc. léiríonn sé an mhian chun ábhair spéise an duine a chothromú le riachtanais eile etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 Fb)** **Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt ar cheist a bhaineann leis an timpeallacht san obair a dhéanann grúpa/eagraíocht reiligiúnach amháin sa lá atá inniu ann.** — 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dóigh a gcuireann ceist timpeallachta fonn ar chreidmhigh reiligiúnacha gníomh a ghlacadh trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a dtugann an obair a dhéanann grúpa/eagraíocht reiligiúnach aghaidh ar cheist a bhaineann le sláine na timpeallachta nádúrtha agus na n-áiteanna nádúrtha ina gcónaíonn daoine.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. trí na doiciméid a eisíonn sí, iarrann Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí ar Chríostaithe cúram a thabhairt don domhan agus cuireann sí maireachtáil inbhuanaithe chun cinn etc.
- Pobail reiligiúnacha ag maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe agus orgánach e.g. oird reiligiúnach etc.

- Grúpa/eagraíocht reiligiúnach e.g. Trócaire etc. ag cur forbairt inbhuanaithe chun cinn i dtíortha i mbéal forbartha; cuireann an foilseachán Eco Islam coincheap Khalifah chun cinn trí ghníomh timpeallachta a chothú laistigh den Ioslamachas etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:*
Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar an gcaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt ar cheist a bhaineann le sláine na timpeallachta nádúrtha agus na n-áiteanna nádúrtha ina gcónaíonn daoine ach teipeann air/uirthi tagairt a dhéanamh don obair a dhéanann grúpa/eagraíocht reiligiúnach — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10   9 > 4   3 > 0 | 40M |

**ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA** *Marcanna*

**Freagair a) agus b).**

**3 Ga)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** — 40 *Grádaithe*

**Scrúdaigh conas a léirítear an creideamh reiligiúnach i ngnéithe áite atá beannaithe do na baill d'aon cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiún agus ar chomhthéacs urnaí trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi a léiríonn saintréithe ar leith atá ag áit/spás lena mbaineann tábhacht reiligiúnach an creideamh reiligiúnach atá ag baill de cheann amháin de na reiligiúin atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- An Búdachas e.g. creideamh san eagnaíocht — téann Búdaithe ar oilithreacht chuig Bodh Gaya, ina bhfuil crann Bodhi suite ar an spota inar bhain Siddhartha Gautama an eagnaíocht amach etc.
- An Chríostaíocht e.g. creideamh gur corp agus fuil Íosa Críost atá san Eocairist — úsáidtear taibearnacal chun abhlanna coisricthe a choinneáil; ligeann creidmhigh a nglúine fúthu os a chomhair chun urraim a léiriú, etc.
- An Hiondúchas e.g. creideamh gur cuid riachtanach de dhualgas nó de darma an chreidmhigh é an púiseá — scrín atá suite sa bhaile ina gcuirtear tairiscintí torthaí nó bláthanna etc.
- An tIoslamachas e.g. creideamh i dtarchéimnitheacht Dé — téann adhraitheoirí timpeall Ka'ba i Meice chun gluaiseacht na n-aingeal a théann timpeall chathaoir Allah go leanúnach sna flaithis a chóipeáil etc.
- An Giúdachas e.g. creideamh sa tábhacht a bhaineann le Briathar Dé — cuirtear scrollaí an Tóra in áit oinigh i sionagóg etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 Gb)** ◆ **AN BÚDACHAS** ◆ **AN CHRÍOSTAÍOCHT** — 40 *Grádaithe*

**Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le teicníc mhachnaimh a dhéantar a chleachtadh i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas agus mínigh an bunús atá léi mar chineál urnaí.**

*Critéir Mharcála –*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhachnamh Búdaíoch nó Críostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar a bhfuil i gceist le teicníc mhachnaimh a úsáidtear sa Bhúdachas nó sa Chríostaíocht agus trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a n-úsáidtear an teicníc sin mar chineál urnaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Úsáideann Búdaithe/Críostaithe mantraí e.g. Om (An Búdachas); téacsanna Bíobalta (An Chríostaíocht) etc. chun an intinn a shaoradh ó sheachrán neamhriachtanach; aireachas a fhorbairt, etc.

- An Chríostaíocht e.g. Lectio Divina — na Scrioptúir Chríostaí a léamh bunaithe ar thraidisiúin urnaí ón luathré mhainistreach (an 5ú hAois go dtí an 12ú hAois) etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:*
- Tugann iarrthóir cuntas cruinn ar a bhfuil i gceist le teicníc mhachnaimh a úsáidtear sa Bhúdachas nó sa Chríostaíocht, ach ní thugann sé/sí cúiseanna cruinne a mhíníonn an bunús atá léi mar chineál urnaí — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.
- Tugann iarrthóir cúiseanna cruinne a mhíníonn an bunús atá léi mar chineál urnaí ach ní thugann sé/sí cuntas cruinn ar a bhfuil i gceist le teicníc mhachnaimh a úsáidtear sa Bhúdachas nó sa Chríostaíocht — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 9 > 4 3 > 0 | 40M |

| ROINN I: | REILIGIÚN: EISPÉIREAS NA HÉIREANN | *Marcanna* |
|---|---|---|

**Freagair a) agus b) i *nó* ii.**

**3 Ia)** **Déan comparáid idir patrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann agus patrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc an daonra ina iomláine.** 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phátrún athraitheach an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn trí chuntas cruinn a thabhairt ar chosúlachtaí agus/nó ar dhifríochtaí idir patrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann agus patrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn ina hiomláine.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Suirbhé ar Luachanna na hEorpa — bíonn líon níos lú daoine ag freastal ar sheirbhísí reiligiúnacha ar bhonn seachtainiúil le déanaí e.g. 71% i 1990 agus 23% faoi 1999 i gcás an aoisghrúpa 18 – 26 bliain d'aois; 85% i 1990 agus 65% i 1999 i gcás an daonra ina iomláine, etc
- Seirbhísí reiligiúnacha chun príomhócáidí sa saol a shonrú — i 1999, mheas níos mó ná 90% den daonra i gcoitinne go raibh siad tábhachtach agus bhí meas ag níos mó ná 80% den ghlúin níos óige ar sheirbhísí den sórt sin, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 9 > 4 3 > 0 | 40M |

**3 Ib)i** **Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla den chaoi inar féidir creidimh reiligiúnacha Réamh-Chríostaí a fheiceáil i miotais/ságaí na hÉireann.** 40 (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith fianaise ar chreideamh reiligiúnach in Éirinn ársa trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar dhá shampla d'fhianaise ar chreidimh reiligiúnacha Réamh-Chríostaí atá le feiceáil i miotais na hÉireann *nó* i ságaí na hÉireann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir creideamh Réamh-Chríostaí i reiligiún ildiacha a fheiceáil sna tagairtí do dhéithe Ceilteacha i miotais Thuatha Dé Danann etc.
- Is féidir creideamh Réamh-Chríostaí i gcumhachtaí osnádúrtha a fheiceáil sna tagairtí do na cumhachtaí draíochtacha a thuairiscítear sna ságaí a bhaineann le Cú Chulainn etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann iarrthóir faisnéis chruinn ar dhá shampla de mhiotais na hÉireann nó de shágaí na hÉireann, ach ní dhéanann sé/sí tagairt do chreidimh reiligiúnacha Réamh-Chríostaí — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 4 > 2 1 > 0 | 20Mx2 |

***nó***

**3 Ib)ii Scrúdaigh an chaoi inar féidir dhá chleachtas reiligiúnacha atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann a rianú siar go dtí an aimsir Réamh-Chríostaí.** 40 (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint gur fhorbair reiligiún in Éirinn thar na mílte bliain trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi inar féidir dhá chleachtas reiligiúnacha, atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann, a rianú siar go dtí an aimsir Réamh-Chríostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Nascadh ceiliúradh Críostaí shaol Naomh Bríd de Chill Dara ar an 1 Feabhra le féile réamh-Chríostaí Imbolc inar bandia na torthúlachta í Bríd etc.
- Rianaíodh ceiliúradh Críostaí Dhomhnach na Bláthfhleisce/Dhomhnach an Fhraocháin etc. siar go Féile réamh-Chríostaí Lughnasa — mí Iúil/Lúnasa chun na chéad torthaí nó an chéad chruinniú a cheiliúradh etc.
- Is féidir an oilithreacht Chríostaí go Cruach Phádraig a rianú siar go suíomh oilithreachta Réamh-Chríostaí a bhaineann le Lughnasa etc.
- Etc.

Códaigh MC x2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

| ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT | *Marcanna* |
|---|---|

**Freagair a) agus b).**

**3 Ja) Scrúdaigh an tionchar a bhí ag an obair a rinne Galileo ar an smaointeoireacht reiligiúnach agus eolaíoch lena linn.** 40 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na príomhócáidí sa ghaol idir an eolaíocht agus an diagacht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag an obair a rinne Galileo ar an smaointeoireacht reiligiúnach agus eolaíoch lena linn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Spreag smaointurgnamh Galileo eolaithe chun samhlú a dhéanamh; spreag an obair a rinne Galileo eolaithe chun réasún a úsáid agus chaith sé amhras ar údarás an Bhíobla, ar údarás na hEaglaise etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 9 > 4 3 > 0 | 40M |

**3 Jb)** • **AN DÍOSPÓIREACHT FAOIN mBUNÚIS** • **CEISTEANNA FAOI THÚS NA BEATHA** 40 *Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar na léargais a d'fhéadfadh an reiligiún agus an eolaíocht a thabhairt do dhaoine arb ábhar imní dóibh ceann amháin de na topaicí atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na naisc idir an eolaíocht agus an diagacht trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar na léargais a d'fhéadfaí a fháil ón reiligiún agus ón eolaíocht ar cheann amháin de na topaicí atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
An díospóireacht faoin mbunús –
- Tugann léargais reiligiúin aghaidh ar ábhair imní faoi ról an duine laistigh den chruthú e.g. cruthaíochtachas; éiceolaíocht Teillard de Chardin etc.
- Léargais na heolaíochta ar conas a cruthaíodh an chruinne agus cad a d'fhéadfadh tarlú don chruinne sa todhchaí e.g. an tOllphéasc etc.
- Etc.

Ceisteanna faoi thús na beatha –
- Cruthaíonn léargais ar chur chuige reiligiúnach amhras ar an gcreideamh go bhfuil an duine ann i ngaol leis an diagaire; tugann siad aghaidh ar ábhair imní a bhaineann leis an eitic leighis, etc.
- Tugann léargais na heolaíochta fíricí faoi na céimeanna suthacha d'fhorbairt an fhéatais; tugann siad aghaidh ar ábhair imní faoi nádúr na beatha de réir mar a thosaíonn an bheatha, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 9 > 4 3 > 0 | 40M |

### *Marcanna Breise as ucht Freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann sé lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |

*Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála do gach ceist* —

| ***ÁIRITHEOIR:*** | *Fianaise sa fhreagra ar aidhmeanna/chuspóirí /thorthaí an tsiollabais:* | *An bhaint atá ag ábhar an fhreagra leis an gceist:* | *Cruinneas ábhar an fhreagra:* | *Fianaise ar ghabháil don scil (do na scileanna):* |
|---|---|---|---|---|
| SÁRMHAITH | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) |
| AN-MHAITH | FIANAISE AN-MHAITH | BAINT SHOILÉIR | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) |
| GO MAITH | FIANAISE MHAITH | BAINT GHINEARÁLTA | BEAG FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) |
| RÉASÚNTA | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | BAINT THEORANTA | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) |
| LAG | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN BAINTE | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) |
| AN-LAG | BEAGÁN FIANAISE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) |
| GAN AON GHRÁD | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/ GAN AON FHIANAISE | GAN AON BHAINT | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

### ***Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal***

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar aon teideal amháin, glactha ó Roinn E nó ó Roinn H.

## *ROINN E: REILIGIÚN AGUS INSCNE*

**E.1 Próifíl den léiriú a thugtar ar Mhuire, máthair Íosa, in dhá cheann de na soiscéalta a leanas:**

- SOISCÉAL MHATHA
- SOISCÉAL MHARCAIS
- SOISCÉAL LÚCÁIS
- SOISCÉAL EOIN

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar áit Mhuire, máthair Íosa, i Scrioptúir na Críostaíochta tríd an dóigh a léirítear Muire in dhá cheann de na Soiscéil atá liostaithe sa teideal a rianú go cruinn.

**E.2 *Tríd an stair bhí mná reiligiúnacha chun cinn mar leasaitheoirí sóisialta.* An fhianaise atá leis an ráiteas sin a iniúchadh agus tú ag tagairt do bheatha mná amháin dá leithéid agus don tionchar a bhí aici ar shochaí a linne.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an méid a chuir mná le traidisiúin reiligiúnacha agus spioradálta trí shúil ghéar a chaitheamh ar an scéal beatha de chuid bean reiligiúnach amháin agus trí chonclúidí cruinne a bhaint as an tionchar a bhí aici ar an tsochaí lena linn.

## *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA*

**H.1 Anailís ar conas atá an fhilíocht ina gné thábhachtach de dhá Shalm as an mBíobla.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar na Sailm mar sheánra liteartha agus tuiscint ar an mBíobla mar théacs beo clasaiceach trí shúil ghéar a chaitheamh ar theanga an mhachnaimh a úsáidtear i bhfilíocht na Salm agus trí fhianaise chruinn a chur ar fáil do na conclúidí a baineadh as dhá Shalm sa Bhíobla.

**H.2 Scrúdú ar conas a léiríonn an t-ábhar in dhá cheann de na soiscéalta sionoptacha ábhar suime na soiscéalaithe a luaitear leis na soiscéalta sin.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar an dóigh ar scríobhadh an Bíobla ar an gcéad dul síos trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tslí a raibh tionchar ag na hábhair spéise a bhí ag beirt de na soiscéalaithe, Matha, Marcas nó Lúcás, ar an ábhar ina Soiscéil.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| *Marcanna* | *Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A* |
|---|---|
| 0 - 15 | Má tá an freagra <u>lag</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> i.e.<br>• Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013<br>• Ní thugann sé ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích. |
| 16 - 21 | Má tá an freagra <u>réasúnta</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích. |
| 22 - 27 | Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> i.e.<br>• Is saothar breá é<br>• Léiríonn sé leorghabháil phearsanta do theideal dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé fianaise réasúnta gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2013 á iniúchadh<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear. |
| 28 - 33 | Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is saothar fiúntach é<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh |

- Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích
- Tugann sé achoimre mhionsonraithe ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

34 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 á cur i gcrích
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2013, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear
  Léiríonn an achoimre ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas -
  - → an cumas eolas a roghnú, agus anailís agus measúnacht a dhéanamh air
  - → an cumas eolas a shórtáil agus eagar a chur air
  - → an cumas tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.

**CUID B – MACHNAMH PEARSANTA AR AN BHFOGHLAIM, AR NA SCILEANNA AGUS AR NA HEISPÉIRIS A BAINEADH AMACH TRÍ OBAIR CHÚRSA A DHÉANAMH**

*Marcanna* *Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B*

0 - 15 Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2013. Ní thugann sé cur síos nó is beag an cur síos a thugann sé ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Is beag an tsainaithint a thugann sé ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

16 - 21 Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is saothar imleor é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Is beag an fhianaise shoiléir a léiríonn sé ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht

peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh

- Tugann sé fianaise éigin air seo a leanas –
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar
    theideal dualgais 2013 a roghnaíodh
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

22 - 27 Má tá an freagra <u>go maith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar breá é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2013 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2013 ann; Tugann sé cur síos ginearálta ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise réasúnta ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Léiríonn sé fianaise réasúnta orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar
    theideal dualgais 2013 a roghnaíodh
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

28 - 33 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2013. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh; Tugtar míniú ginearálta le fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht sa teideal dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Tugann sé sainaithint shoiléir ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2013 á déanamh
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Léiríonn sé scileanna breithiúnais agus measúnaithe.

34 – 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Tugann sé cur síos substaintiúil ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2013 a dhéanamh; Tugtar míniú mionsonraithe le fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht i dteideal dualgais roghnaithe

2013; Tugann sé cur síos mionsonraithe ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013 le fianaise ar an gcumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine

- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2013
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar dhoimhneacht tuisceana ar an teideal dualgais roghnaithe 2013 agus go ndeachthas ina bhun ó thaobh roinnt peirspictíochtaí de a léiríonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas -
  - → an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas
  - → an cumas frith-argóintí a fhorbairt
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar cheisteanna a shainaithint a d'eascair tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2013, lena n-áirítear an cumas údarás foinsí áirithe eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - → Machnamh pearsanta, criticiúil ar an bhfoghlaim a baineadh as an obair chúrsa
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2013
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.